# Féilire OÉ

**2004 – 2008**

Ollscoil na hÉireann

National University of Ireland





***Nóta:** Léiríonn na maisiúcháin seo sonraí ó shraith de mhúrmhaisithe ó thús an naoiú céad déag - pictiúir tírdhreacha sa stíl Iodáileach - a chlúdaíonn na ballaí go hiomlán, ón dádó aníos, i Seomraí an tSeanaid ar an gcéad urlár d'Uimhir 49, Cearnóg Mhuirfean.*

**Ollscoil na hÉireann**
National University of Ireland

**49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2**
***49 Merrion Square, Dublin 2***

Guthán: (353 1) 439 2424;
Facs: (353 1) 439 2466;
Ríomhphost: registrar@nui.ie;
Suímh gréasáin: www.nui.ie

# FÉILIRE
# *Calendar*

**2004 - 2008**

Praghas: €15.00

**Ollscoil na hÉireann**
National University of Ireland

## NA COMH-OLLSCOILEANNA
*CONSTITUENT UNIVERSITIES*

**An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**
*University College Dublin*
Guthán: (+353 1) 7167777
Suíomh gréasáin: www.ucd.ie

**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**
*University College Cork*
Guthán: (+353 21) 4903000/4276871
Suíomh gréasáin: www.ucc.ie

**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**
*National University of Ireland, Galway*
Guthán: (+353 91) 524411
Suíomh gréasáin: www.nuig.ie

**Ollscoil na hÉireann, Má Nuad**
*National University of Ireland, Maynooth*
Guthán: (+353 1) 6285222
Suíomh gréasáin: www.nuim.ie

## NA COLÁISTÍ AITHEANTA
*RECOGNISED COLLEGES*

**Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn**
*Royal College of Surgeons in Ireland*
Guthán: (+353 1) 4022100
Suíomh gréasáin: www.rcsi.ie

**Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha**
*National College of Art and Design*
Guthán: (+353 1) 6364200
Suíomh gréasáin: www.ncad.ie

**Coláiste Ósta na Sionna**
*Shannon College of Hotel Management*
Guthán: (+353 61) 712213
Suíomh gréasáin: www.shannoncollege.com

**An Foras Riaracháin**
*Institute of Public Administration*
Guthán: (353 1) 2403600
Suíomh gréasáin: www.ipa.ie

**Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn**
*Milltown Institute of Theology and Philosophy*
Guthán: (+353 1 277 6300)
Suíomh gréasáin: www.milltown-institute.ie

## COLÁISTE DE CHOMH-OLLSCOIL

*COLLEGE of CONSTITUENT UNIVERSITY*

**Coláiste San Aingeal, Sligeach**
*St. Angela's College, Sligo*
(Coláiste d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh – College of NUI, Galway)
Guthán: (353 71) 452433
Suíomh gréasáin: www.stangelas.com

**Séanadh**

*Tá ábhair an leabhair seo curtha ar fáil mar threoir faisnéise agus sin amháin. Cé go ndéantar gach iarracht agus ábhar á ullmhú lena fhoilsiú ní ghlacann Ollscoil na hÉirinn aon fhreagracht maidir le haon earráidí, easnaimh nó ráitis mhíthreoracha ar na leathanaigh seo.*

# CLÁR NA N-ÁBHAR


| | | Leathanach |
|---|---|---|
| | Armas na hOllscoile | 6 |
| | Brollach | 7 |
| **Caibidil 1** | **Stair na hOllscoile, a Comh-Ollscoileanna agus a Coláistí Aitheanta** | **9** |
| | Cúlra Stairiúil | 10 |
| | Lár-Oifig OÉ | 13 |
| | Comh-Ollscoileanna OÉ | 15 |
| | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | 15 |
| | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | 15 |
| | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | 16 |
| | Ollscoil na hÉireann, Má Nuad | 17 |
| | Coláistí Aitheanta OÉ | 17 |
| | Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn | 17 |
| | Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha | 18 |
| | Coláiste Ósta na Sionna | 18 |
| | An Foras Riaracháin | 19 |
| | Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn | 19 |
| | Coláiste de Chomh-Ollscoil (OÉ, Gaillimh) | 20 |
| | Coláiste San Aingeal, Sligeach | 20 |
| **Caibidil II** | **Údaráis na hOllscoile** | **21** |
| | Údaráis na hOllscoile | 22 |
| | An Seansailéir | 22 |
| | An Leas-Seansailéir | 22 |
| | Na Leas-Leas-Seansailéirí | 22 |
| | An Seanad | 22 |
| | Cumhachtaí agus Feidhmeanna an tSeanaid | 23 |
| | Comhdhéanamh an tSeanaid | 23 |
| | Ballraíocht an tSeanaid, 2002 - 2007 | 24 |
| | Ballraíocht an tSeanaid, 2007 - 2012 | 26 |
| | Coistí an tSeanaid | 28 |
| | Buanchoiste, 2002-2007 | 28 |
| | Coiste Airgeadais, 2002-2007 | 28 |
| | Buanchoiste, 2007-2012 | 28 |
| | Coiste Airgeadais, 2007-2012 | 29 |
| | Dátaí Chruinnithe an tSeanaid, an Bhuanchoiste agus an Choiste Airgeadais | 29 |
| | Comhghairm | 30 |
| | Cumhachtaí Comhghairme | 30 |
| | Oifigigh Comhghairme | 30 |
| **Caibidil III** | **Oifigigh OÉ, na gComh-Ollscoileanna agus na gColáistí Aitheanta, Foireann Lár-Oifig OÉ** | **31** |
| | Oifigigh Ollscoil na hÉireann | 32 |
| | Oifigigh na gComh-Ollscoileanna | 32 |
| | Oifigigh na gColáiste Aitheanta | 32 |
| | Oifigigh Choláiste de Chom-Ollscoil | 33 |
| | Foireann Lár-Oifig OÉ | 33 |

| | | Leathanach |
|---|---|---|
| **Caibidil IV** | **Toghcháin á Riaradh ag OÉ** | **35** |
| | Toghchán Sheanad Éireann | 36 |
| | Toghchán na Comhghairme | 37 |
| **Caibidil V** | **Ollúna agus Léachtóirí ceaptha ag OÉ, Ollúnachtaí Maoinithe sa Diagacht Chaitliceach** | **39** |
| **Caibidil VI** | **Cáilíochtaí OÉ** | **41** |
| | Seirbhísí | 43 |
| **Caibidil VII** | **Céimeanna PhD, Céimeanna Dochtúireachta a Bronnadh ar Shaothar Foilsithe agus Céimeanna Oinigh a Bronnadh, 2004-2007** | **45** |
| **Caibidil VIII** | **Feisteas Acadúil** | **53** |
| **Caibidil IX** | **Scrúdaitheoirí Seachtracha OÉ** | **55** |
| **Caibidil X** | **Gradaim agus Bronntanais OÉ** | **57** |
| | Comhaltachtaí | 58 |
| | Gradaim don Chéad 2008 | 59 |
| | Gradaim Iarchéime | 59 |
| | Gradaim Fhochéime | 63 |
| **Caibidil XI** | **Foilseacháin OÉ** | **69** |
| **Aguisíní:** | | **75** |
| Aguisín 1: | Seansailéirí, 1908 go dtí an lá inniu | 76 |
| Aguisín 2: | Leas-Seansailéirí, 1909 go dtí an lá inniu | 76 |
| Aguisín 3: | Leas-Leas-Seansailéirí, 1909 go dtí an lá inniu | 77 |
| Aguisín 4: | Cláraitheoirí OÉ, 1908 go dtí an lá inniu | 80 |
| Aguisín 5: | Comhaltaí an tSeanaid, 1908 go dtí an lá inniu | 80 |
| Aguisín 6: | Oifigigh na Comhghairme, 1910 go dtí an lá inniu | 99 |
| Aguisín 7: | Céimeanna PhD a Bronnadh, 2004 - 2007 | 100 |
| Aguisín 8: | Céimeanna Oinigh 1908 go 2007 | 191 |
| Aguisín 9: | Ionadaithe OÉ i Seanad Éireann, 1938 go dtí an lá inniu | 211 |
| Aguisín 10: | Buaiteoirí Dhuais Thaighde Staire na hÉireann, 1922 go dtí 2007 | 214 |
| Aguisín 11: | Léachtaí O'Donnell | 216 |
| Aguisín 12: | Buaiteoirí Ghradaim OÉ sa bhliain 2004 – 2007 | 218 |

# ARMAS NA hOLLSCOILE




Léiríonn an mana á iompar ar an scrolla os cionn na sciatha:
**VERITATI** (i.e. don **FHÍRINNE**)
an ***AIDHM*** lena bhfuil an Ollscoil tiomanta.

Léiríonn an mana faoi bhun na sciatha sa Ghaeilge:
**FÍR FER** (i.e. **FÍRINNE AN FHIR**) an ***CHAOI*.**

**B’é seo seandúshlán an niachais, san seanlaethanta, a d’éiligh agus a bheannaigh cothroime iomlán i ngach iarracht.**

# BROLLACH


Bunaíodh Ollscoil na hÉireann faoi Acht Ollscoileanna na hÉireann 1908 agus an Seanad ina Chomhlacht Ceannais aici. Rinneadh athstruchtúrú ar an Ollscoil faoi Acht na nOllscoileanna 1997 agus anois cuimsíonn sí, de bhreis ar an ollscoil bhunaidh, ceithre chomhollscoil uathrialacha nasctha i struchtúr cónaidhmeach. Faoi réir a Cairte, tá sé de chumhacht ag an Ollscoil aitheantas a bhronnadh ar institiúidí ardoideachais agus faoi láthair tá cúig choláiste aitheanta den Ollscoil, áit a mbronntar cáilíochtaí OÉ. Is í an Ollscoil ina hiomláine an institiúid ardoideachais is mó in Éirinn. Faoi Acht na bliana 1997, athbhunaíodh Seanad OÉ agus leathnaíodh a bhallraíocht, mar aitheantas ar athstruchtúrú na hOllscoile.

Bíonn Seanad na hOllscoile i seilbh oifige do thréimhse cúig bliana. Ghlac an Seanad reatha seilbh oifige sa bhliain 2007.


Tugann Féilire OÉ eolas ar chónaidhm OÉ, lena n-áirítear sonraí ar bhallraíocht an tSeanaid, oifigigh na hOllscoile agus lároifig OÉ. Tugann sé achoimre ar stair na hOllscoile, na gceithre chomhollscoil agus na gcúig choláiste aitheanta. Leagann an Féilire amach struchtúr, feidhmeanna agus eagraíocht Ollscoil na hÉireann, ag cur síos ar an Ollscoil mar iomlán agus ag soláthar eolais a bhaineann le hinstitiúidí OÉ i dteannta a chéile. Tá eolas ann a bhaineann le feidhmeanna reachtúla an tSeanaid agus le príomhghníomhaíochtaí OÉ.

Tá OÉ tiomanta do thacú leis an Ollscoil chónaidhmeach, a traidisiúin a chaomhnú agus cuidiú léi tús áite a choinneáil i measc ollscoileanna na hÉireann. Cuireann OÉ seirbhísí ar fáil dos na comhollscoileanna agus dos na coláistí aitheanta i réimsí ar nós bronnadh céime, scrúdaitheoirí seachtracha, máithreánach agus dámhachtainí; is í an comhlacht bailíochtaithe do choláistí aitheanta; coinníonn sí cláracha OÉ agus reachtaíonn toghcháin; coinníonn cartlanna na hOllscoile; cuireann seirbhísí ar fáil do chéimithe OÉ; agus cuireann eolas ar fáil do mhic léinn, do scoileanna agus don phobal i gcoitinne. Mar chuid de thimpeallacht ardoideachais atá ag athrú i dtír atá ag dul faoi dhianchlaochlú sóisialta agus cultúrtha, tá ról agus feidhm OÉ ag athrú agus tá an gaol idir an Seanad agus institiúidí OÉ sainithe as an nua sa chomhthéacs leasaithe.

Agus comóradh an chéid ann sa bhliain 2008, tá sé d'fhís ag Ollscoil na hÉireann cuidiú le hearnáil ardoideachais Éireannach den scoth a bhaint amach, a fhreagraíonn do riachtanais oideachasúla, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta na hÉireann, le lorg buan idirnáisiúnta.



*Seansailéir OÉ*



*An Dr Gearóid MacGearailt, BA, PhD, MRIA*
*Seansailéir, Ollscoil na hÉireann*

# Caibidil I

## STAIR NA hOLLSCOILE, A COMH-OLLSCOILEANNA AGUS A COLÁISTÍ AITHEANTA

# STAIR NA hOLLSCOILE, A COMH-OLLSCOILEANNA AGUS A COLÁISTÍ AITHEANTA

## CÚLRA STAIRIÚIL

Bhunaigh Acht Choláiste na Ríona 1845 trí Choláiste na Ríona i gCorcaigh, Gaillimh agus Béal Feirste. Osclaíodh na coláistí seo do mhúinteoireacht sa bhliain 1849, agus sa bhliain 1850 nascadh iad le chéile in Ollscoil na Ríona na hÉireann, bunaithe le Cairt Ríoga. Cháin Athscript de chuid an Phápa, 1847 na Coláistí na Ríona mar 'díobhálach don reiligiún', agus mhol d'easpaig na hÉireann go mbunófaí Ollscoil Chaitliceach, de mhúnla na Lováine. Rinne Forógra Shionóid Dhurlas Éile in 1850 an cáineadh a athrá agus ghlac leis an moladh. Ar 12 Samhain 1851, ceapadh John Henry Newman ina chéad Reachtaire ar an Ollscoil Chaitliceach, a bhunaigh sé i mBaile Átha Cliath, i gcomhair le hEaspaig na hÉireann. Thug an tAcht um Oideachais Ollscoile (Éire), 1879 soláthar do bhunús Ollscoile nua in Éirinn, ar ar tugadh Ollscoil Ríoga na hÉireann ina dhiaidh sin, a raibh a scrúduithe ar oscailt d'iarrthóirí uilig, cibé ar fhreastal siad ar léachtaí an Choláiste nó nár fhreastal. Bronnadh Cairt na hOllscoile Ríoga ar 27 Aibreán 1880, agus scriosadh Ollscoil na Ríona ar 3 Feabhra 1882. Lean Coláistí na Ríona i gCorcaigh, Gaillimh agus Béal Feirste mar a bunaíodh iad in Acht 1845, ach ní raibh aon stádas speisialta acu maidir leis an Ollscoil Ríoga, nó aon pháirt i bhfírinne le cruthú a pholasaí nó leagan amach a cúrsaí.

Bhunaigh Acht Ollscoileanna na hÉireann, 1908, a ritheadh ar 1 Lúnasa 1908, dhá ollscoil nua - Ollscoil na hÉireann, agus Ollscoil na Ríona, Béal Feirste. Tháinig Ollscoil na hÉireann i bhfeidhm go hiomlán ón 31 Deireadh Fómhair 1909, in ionad na hOllscoile Ríoga. Faoina Cairt, a bronnadh ar 2 Nollaig 1908, deineadh ollscoil feidearálach d'Ollscoil na hÉireann, lena hionad i mBaile Átha Cliath, agus trí Chomh-Choláiste: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Coláiste na hOllscoile Gaillimh - Coláiste na Ríona, Corcaigh agus Coláiste na Ríona, Gaillimh mar a bhí ar an dá cheann deiridh seo. (Tá téacs na Cairte agus na gCairteanna Tánaisteacha d'Ollscoil na hÉireann le fáil ar leathanaigh 103 agus 134 d'Fhéilire na hOllscoile 1940).

Faoi réir Achta 1908 bhí cumhacht ag an Ollscoil 'a thabhairt do mhic léinn máithreánaithe na hOllscoile, atá ag gabháil do chúrsa staidéir de chineál Ollscoile, faofa ag an Seanad in aon Choláiste Aitheanta in Éirínn, faoi mhúinteoirí aitheanta ag an Seanad, buntáiste aon phribhléidí de mhic léinn máithreánaithe na hOllscoile, atá ag gabháil do chúrsa staidéir ag an Ollscoil, lena n-áirítear an ceart le céim Ollscoile a bhaint amach'.

Ba iad seo a leanas Coláistí Aitheanta na hOllscoil le linn na tréimhse 1910 - 1997:

- Coláiste Phádraig, Má Nuad 1910 - 1997
- Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach 1975 - 1994
- Coláiste Oideachais na Trócaire, Dún an Chéirigh 1975 - 1988
- Coláiste Phádraig, Droim Conrach 1975 - 1995
- Institiúid Náisiúnta Ardoideachais, Luimneach 1976 - 1977
- Coláiste Oideachais Thuamhumhan, Luimneach 1976 - 1977
- Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach 1978 - 2005

Faoi láthair, tá cúig Choláiste AItheanta; aitheantas bronnta mar a leanas:

- Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn 14 Iúil 1977
- Coláister Náisiúnta Ealaíne is Deartha 1 Iúil 1996
- Coláiste Ósta na Sionna 9 Samhain 2000
- An Foras Riaracháin 16 Eanáir 2001
- Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn 1 Meán Fómhair 2005

Coláiste de Chomh-Ollscoil
- Coláiste San Aingeal, Sligeach 1 Eanáir 2006

Tháinig Acht na nOllscoileanna, 1997, i bhfeidhm ar 16 Meitheamh 1997. Faoi réir fhorálacha in Alt (7), fo-alt (1) ‘Ollscoileanna a bheidh sna Comh-Choláistí de bhua an ailt seo’.

Faoi Alt 7, fo-alt (2), beidh na hOllscoileanna a bhunaítear de bhua fho-ailt (1) ‘ina gComh-Ollscoileanna d’Ollscoil na hÉireann’.

Faoi Alt 43, fo-alt (1) bunaíodh an Coláiste Aitheanta, Coláiste Phádraig Má Nuad mar Chomh-Ollscoil d’Ollscoil na hÉireann. Rinne an tAcht, *inter alia*, cumhachtaí agus feidhmeanna a chineach ó Sheanad OÉ dos na ceithre Comh-Ollscoileanna, Cairt OÉ a leasú maidir le ballraíocht an tSeanaid, agus forálacha a leagan amach maidir leis an ngaol idir na Comh-Ollscoileanna agus Ollscoil na hÉireann.
University College, Dublin – An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
University College Cork – Coláiste Ollscoile, Corcaigh
National University of Ireland, Galway – Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Maynooth – Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

**Sa foilseachán seo déantar giorrúchán ar theidil na n-institiúidí thuasluaite mar seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath | UCD/COBÁC/D |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | UCC/COC/C |
| Ollscoil na hÉireann, Gallimh | NUIG/OÉG/G |
| Ollscoil na hÉireann, Má Nuad | NUIM/OÉMN/M |
| Coláiste Ríoga na Máinleá in Éireann | RCSI/CRMÉ/R |
| Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha | NCAD/CNED/NC |
| Coláiste Ósta na Sionna | SCHM/CÓS/S |
| An Foras Riaracháin | IPA/AER/I |
| Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn | MITP/IDFBM/MT |

## LÁR-OIFIG OÉ – 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2



‘Tógadh an teach seo sna 1790í. Cuireadh ar léas é trí Robert Way Harty de Prospect Hall sa bhliain 1818, a bhí ina Ardmhéara ar Bhaile Átha Cliath in 1831.’

Tá Lároifig Ollscoil na hÉireann lonnaithe in Uimhir 49, ar an dtaobh thoir de cheann de na cearnóga is cáiliúla i mBaile Átha Cliath, ó 1912 i leith. Suite mar atá ar Chearnóg Mhuirfean, tá an foirgneamh sainithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar fhoirgneamh liostaithe do chaomhnú i gcatagóir ‘Liosta 1’, ina bhfuil na foirgnimh stairiúla is fearr sa chathair.

I Seomraí an tSeanaid ar an gcéad urlár d’Uimhir 49 tá sraith de mhúrmhaisithe ón thús an naoiú céad déag. Sraith de phictiúir tírdhreacha sa stíl Iodáileach atá ann, a chlúdaíonn na ballaí go hiomlán, ón dádó aníos. Tá fráma péinteáilte d’adhmadóireacht aislingtheach dhearg mórthimpeall ar ghach múrmhaisiú *. ‘D’ordaigh [Robert Way Harty]sraith de mhúrmhaisithe d’Uimhir 49 Cearnóg Mhuirfean, a léiríonn radharcanna Iodáileacha tógtha ó ghreanadh de phictiúir ag Claude Lorraine, Salvatore Rosa, Rubens agus eile. Le chéile, cruthaíonn na múrmhaisithe seo taobh istigh rómánsúil uasal agus faiseanta don seomra le cruth T….** Ó tharla nach bhfuil aon fhianaise cáipéise ann, ní féidir lucht déanta na bpictiúr a chruthú. Mar sin féin, tá ardcháilíocht acu agus iad ar chomhchéim le sraith ar bith sna hoileáin seo. Mar thírdhreacha frámaithe go haislingtheach níl a mhacasamhail le fáil i bhfoirgnimh Sheoirseacha Bhaile Átha Cliath, agus tá ordú caomhnaithe orthu freisin.

Ar an 6 Samhain 2001, d’oscail an Dr. Garret FitzGerald, Seansailéir na hOllscoile, síneadh nua ar Uimhir 49 Cearnóg Mhuirfean go hoifigiúil. Ina chuid cainte, dúirt an Dr. FitzGerald *‘’… ó thaobh na hailtireachta de, tá an foirgneamh nua [foirgneamh Phelan] go mór ag teacht lena thimpeallacht. Rinne ár n-ailtire an leagan Seoirseach a léiriú go híogair, tá dath na mbrící - rud a bhíonn go minic ag teacht salach sa stíl ath-Sheoirseach - saibhir agus modhnaithe, tá sonraí na ndoirse agus na bhfuinneog údarach agus ar an iomlán tá éifeacht chomhchuí agus comhlántach ann.’*

Tógadh an síneadh nua i gcomhairle le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus is é an chéad mhórathrú fisiciúil ar Lároifig OÉ ó lonnaíodh an ollscoil ann sa bhliain 1912. Dearadh an áis do shocruithe beaga comhdhála, agus áirítear seomra nua do chruinnithe an tSeanaid, dhá sheomra cruinnithe eile, agus fosheirbhísí. Fuarthas maoiniú i bpáirt ar an Seomra nua Seanaid - ar a dtabharfar ‘Seomra Phelan’, ó thiomnacht ó eastát Edward J Phelan, iar-Stiúrthóir na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, agus Céimí Oinigh clúmhar de chuid na hOllscoile, agus a bhean Fernande. Luaigh an Seansailéir an dóchas a bhí aige go mbainfí úsáid as an síneadh, chomh maith le Cruinnithe an tSeanaid, mar ‘*fhócas do réimse leathan de ghníomhaíochtaí ina bhfuil idirghníomhaíocht agus comhoibriú idir chomhghleacaithe ó Comh-Ollscoileanna agus Coláistí Aitheanta OÉ. Ó tharla go bhfuil suíomh iontach aige, anseo i lár Bhaile Átha Cliath Seoirseach, creidimid go mbeidh sé seo ina ionad tarraingteach agus úsáideach d’ócáidí agus searmanais éagsúla..*

*’ Dublin - A Grand Tour’: J. O’Brien agus D. Guinness; G Weidenfeld and Nicholson Ltd. Londain, 1994

# COMH-OLLSCOILEANNA OÉ

## An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Bhunaigh Cliarlathas na hÉireann Ollscoil Chaitliceach na hÉireann sa bhliain 1851 le John Henry Newman mar chéad reachtaire sa bhliain 1854. Thosaigh léachtaí ar an 3 Samhain, 1854 i nDámhanna na Diagachta, Fealsúnachta agus Litríochta i bhfoirgnimh ar Fhaiche Stiabhna. Bliain ina dhiaidh sin ar Shráid Cecilia, thosaigh léachtaí i nDámh an Leighis.

Thug bunú na hOllscoile Ríoga deis chun feabhas a chur ar staid na mac léinn sa Ollscoil Chaitliceach, nach raibh céimeann aitheanta ollscoile ar fáil dóibh go dtí sin. Bhunaigh an tAcht um Oideachais Ollscoile (Éire) , 1879, Ollscoil Ríoga na hÉireann mar fhoras scrúdúcháin. Lean an Scoil Leighis ar Shráid Cecilia mar Scoil Leighis na hOllscoile Caitlicigh agus eagraíodh na Dámhanna eile, bunaithe i dTeach Phádraig (anois Teach Newman), Faiche Stiabhna, mar An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, faoi stiúr na nÍosánach.

Bhunaigh Acht Ollscoileanna na hÉireann (1908) Ollscoil na hÉireann, leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath mar Chomh-Choláiste, agus bronnadh an Chairt ar an 2 Nollaig, 1908. Deineadh cuid den Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath de Scoil Leighis na hOllscoile Caitlicigh. Aistríodh foirgnimh Ardán Earlsfort a bhíodh in úsáid ag an Ollscoil Ríoga go dtí An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, a fuair seilbh ar Choláiste Ríoga na hEolaíochta i Sráid Mhuirfean Uachtarach sa 1926.

Sa bhliain 1934, ceannaíodh Teach Belfield agus a thailte máguaird chun ionad spóirt agus páirceanna imearthaa sholáthar agus, sa tréimhse ó 1949 i leith, tá seilbh glactha ag an gColáiste ar réadmhaoine éagsúla eile taobh leis. Mar thoradh ar Choimisiún Rialtais ar Riachtanais Cóiríochta Chomh-Choláistí Ollscoil na hÉireann, ghlac Dáil Éireann le moladh go mbogfaí An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath go dtí suíomh Belfield.

Faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, athdheineadh An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath mar Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. I Samhain na bliana 1998, athraíodh an t-ainm sin ar Ordú an Aire go dtí Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath - Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.

## Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Faoi réir fhorálacha ‘Acht 8 agus 9 Victoria, cap. 66’, 1845, *(An Act to enable Her Majesty to endow new Colleges for the Advancement of Learning in Ireland)*, bunaíodh trí Choláistí Bhéal Feirste, Chorcaí agus na Gaillimhe ar an 30 Nollaig 1845. Chum ‘Bord na gColáistí Ríona’ reachtanna agus córas oideachais le leanúint sna Coláistí. Osclaíodh Coláiste na Ríona Corcaigh, Coláiste na Ríona Gaillimh agus Coláiste na Ríona Béal Feirste do mhic léinn ar an 30 Deireadh Fómhair, 1849.

Bunaíodh Ollscoil na Ríona in Éirinn sa bhliain 1850, agus bhí soláthar sa Chairt go mbeadh cumhacht ag an Seanad cibé céimeanna agus gradaim a

bhronntar i gcoláistí agus ollscoileanna eile sa Bhreatain agus in Éirinn a bhronnadh ar mhic léinn Choláistí na Ríona i mBéal Feirste, Corcaigh agus Gaillimh.

Sa bhliain 1879 bhí soláthar san Acht Oideachais Ollscoile (Éire) do bhunú Ollscoile nua in Éirinn. Bronnadh an Chairt don Ollscoil nua, ar a tugadh an Ollscoil Ríoga, ar an 27 Aibreán 1882, agus cuireadh deireadh le hOllscoil na Ríona ar an 3 Feabhra 1882.

Faoi réir fhorálacha Acht Ollscoileanna na hÉireann, 1908, bunaíodh dhá Ollscoil nua - Ollscoil na hÉireann agus Ollscoil na Ríona, Béal Feirste; D'athraigh ainm Choláiste na Ríona, Corcaigh go Coláiste na hOllscoile, Comh-Choláiste d'Ollscoil na hÉireann. Eisíodh Cairt nua don Choláiste ar an 2 Nollaig, 1908. Cuireadh deireadh leis an Ollscoil Ríoga ar an 31 Deireadh Fómhair 1909.

Faoi Acht na nOllscoileanna Act 1997 deineadh Coláiste na hOllscoile a athbhunú mar Ollscoil na hÉireann, Corcaigh. I Samhain na bliana 1998, athraíodh an t-ainm seo le hOrdú an Aire go dtí Coláiste na hOllscoile, Corcaigh - Ollscoil na hÉireann, Corcaigh.

## Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Sa bhliain 1845 a bunaíodh an Ollscoil, nó Queen's College Galway mar a tugadh uirthi ag an am. Ceann de thrí Choláiste na Ríona a bhí inti a bunaíodh faoi fhorálacha Act 8 and 9 Victoria, cap. 66, dar teideal "*An Act to enable her Majesty to endow new Colleges for the Advancement of Learning in Ireland*" (gearrtheideal: *The Queen's Colleges (Ireland) Act, 1845*). I mBéal Feirste agus i gCorcaigh a bhí an dá Choláiste eile. Ar 30 Nollaig, 1845, eisíodh Litreacha Paitinne á corprú faoin teideal "The President, Vice-President and Professors of Queens College Galway." Thosaigh na céad Mic Léinn ar an gColáiste ar 30 Deireadh Fómhair, 1849. Uachtaráin agus Leas-Uachtaráin trí Choláiste na Ríona a bhí ina mBord Gobharnóirí go dtí an bhliain 1850, tráth ar bunaíodh Ollscoil na Ríona. Socraíodh, faoin University Education (Ireland) Act, 1879, go mbunófaí an Ollscoil Ríoga agus go scoirfí Ollscoil na Ríona dhá bhliain ó dháta Chairt na hOllscoile Ríoga. Rinneadh Céimithe agus Mic Léinn de chuid na hOllscoile Ríoga de Chéimithe agus de Mhic Léinn Mháithreánaithe Choláiste na Ríona, agus iadsan a bhí ina nOllúna i gColáistí na Ríona ag an am fágadh ina nOllúna Ollscoile iad. Eisíodh Cairt na hOllscoile Ríoga ar 27 Aibreán, 1880 agus scoireadh Ollscoil na Ríona ar 3 Feabhra, 1882.

Scoireadh an Ollscoil Ríoga sa bhliain 1909 faoin Irish Universities Act, 1908 agus bunaíodh dhá Ollscoil nua: Ollscoil na Ríona, Béal Feirste (Coláiste na Ríona, Béal Feirste mar a bhí roimhe sin) agus Ollscoil na hÉireann, Ollscoil chónascach lonnaithe i mBaile Átha Cliath le trí Chomhcholáiste (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Coláiste na hOllscoile, Gaillimh). Eisíodh Cairt nua don Choláiste ar 20 Nollaig, 1908 a d'athraigh ainm an Choláiste go Coláiste na hOllscoile, Gaillimh. Sa bhliain 1929, d'achtaigh Oireachtas Éireann Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929. Faoi fhorálacha Acht na nOllscoileanna, 1997 (a tháinig i

bhfeidhm ar 16 Meitheamh, 1997), athbhunaíodh Coláiste na hOllscoile, Gaillimh mar Ollscoil, faoin teideal Ollscoil na hÉireann, Gaillimh/National University of Ireland, Galway agus rinneadh Comhollscoil d'Ollscoil na hÉireann di.

Don chéad uair riamh i stair fheidearálacht OÉ, tháinig Comh-Ollscoil agus foras oideachas neamhspleách ar chomhaontú inar ceapadh Coláiste San Aingeal, Sligeach (Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach mar a bhí - Coláiste Aitheanta d'OÉ) mar Choláiste de OÉ, Gaillimh le feidhm ón 1 Eanáir 2006.

## Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Tháinig Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ar an saol ar 16 Meitheamh 1997 de bhua Acht na nOllscoileanna, 1997. Tá bunús na hOllscoile go díreach i gColáiste Phádraig, a bunaíodh sa bhliain 1795. Sa bhliain 1910 ainmníodh Coláiste Phádraig, trína Dhámhanna Ealaín, Eolaíochta, Fealsúnacht agus Léinn Ceiltigh mar Choláiste Aitheanta d'Ollscoil na hÉireann agus choinnigh sé an stádas sin go dtí 1997 nuair a aistríodh an Coláiste Aitheanta mar a bhí agus a dhámhanna isteach sa Chomh-Ollscoil, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Maireann Coláiste Phádraig mar eintiteas dleathach ann féin, ina bhfuil an Chliarscoil Náisúnta agus Ollscoil Phontaifiúil le Dámhanna an Dlí Canónta, Fealsúnachta agus Diagachta. Tá campas ar leith ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ó thuaidh de bhóthar Chill Coca-Má Nuad agus leanann sé de spás a roinnt ar champas bunaidh Choláiste Phádraig.

## COLÁISTÍ AITHEANTA OÉ

Faoi láthair, is iad Coláistí Aitheanta na hOllscoile ná:

- Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
- Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
- Coláiste Ósta na Sionna
- An Foras Riaracháin
- Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn

Tá Coiste Stiúrtha bunaithe ag an Seanad do ghach Coláiste Aitheanta, ina bhfuil ionadaithe ó OÉ, ón gComh-Ollscoil trínar deineadh an t-iarratas ar aitheantas a mheas, agus an Coláiste Aitheanta cuí. Is é cuspóir an Choiste Stiúrtha ná fóram a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na nithe acadúla éagsúla a bhíonn ann idir an Coláiste Aitheanta agus an Ollscoil agus chun iarratais a phróiseáil maidir le cúrsaí nua a thabhairt isteach agus nithe eile a bhaineann. Ceapann an Seanad Scrúdaitheoirí Seachtracha i gColáistí Aitheanta agus, freisin, ceaptar ionadaithe na hOllscoile chun páirt a ghlacadh i scrúduithe i gColáistí Aitheanta.

## Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

Bunaíodh Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn i 1784 le Cairt Ríoga ón Rí Seoirse III, chun oideachas a thabhairt do mháinlianna a hoileadh scartha ó lianna ag an am. I ndiaidh 1886, nascadh oiliúint na máinliann agus na lianna, agus thosaigh an Coláiste ar dhochtúirí a oiliúint ian Scoil Leighis. Le

tamall de bhlianta anuas tá an Coláiste forbartha mar mhór-Scoil Leighis idirnáisiúnta. Cuirtear cúrsaí bunchéime ar fáil sa Leigheas, Altranas, Fisiteiripe agus Cogaisíocht agus tá staidéir iarchéime ar fáil i réimse d'ábhair leighis lena n-áirítear Ainéistéise, Raideolaíocht agus Fiaclóireacht. Sa bhliain 1977 deineadh Coláiste Aitheanta d'Ollscoil na hÉireann de Scoil Leighis Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.

## Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

Bunaíodh an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Baile Átha Cliath sa bhliain 1746 mar *'a little academy for drawing and painting'* a thacú ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath. Sa bhliain 1924 tháinig an Coláiste faoi rialú na Roinne Oideachais. Ó 1936 tugadh 'An Coláiste Náisiúnta Ealaíne' air, agus d'eisigh sé a Dhioplómaí féin; i 1971 athbhunaíodh an Coláiste le hAcht Oireachtais, nuair a cuireadh roinnt mhaith dá fheidhmeanna faoi bhord ceaptha ag an Aire Oideachais.
I mí Iúil 1996, an bhliain inar chomóir an coláiste dhá céad caoga bliain, bhronn Seanad Ollscoil na hÉireann stádas mar Choláiste Aitheanta ar an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Cuireann an College cláracha céime agus iarchéime in Oideachas Ealaíne agus Deartha, Mínealaíon agus réimse de dhisciplíní Deartha. I Meán Fómhair na bliana 1999 tugadh isteach na céad mic léinn ag clárú do chúrsaí staidéir de chuid Ollscoil na hÉireann. Bhog an Coláiste go foirgneamh i Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath i 1980. I Iúil na bliana 1998, osclaíodh Scoil nua Deartha agus Tionsclaíochta ar champas Shráid Thomáis, a chuir gníomhaíochtaí uilig an Choláiste in aon suíomh amháin.

## Coláiste Ósta na Sionna

Bhunaigh an Dr. Brendan O'Regan Coláiste Ósta na Sionna sa bhliain 1951 chun bainisteoirí a oiliúint do thionscál óstaíochta na hÉireann. Ó shin tá gradam bainte amach aige mar an Choláiste Ósta is fearr in Éirinn agus tá cáil idirnáisiúnta bainte amach aige. Tá clú an Choláiste fásta agus leatnaithe ar fud an domhain. Creideann an Coláiste gur cuid lárnach í an taithí tionsclaíochta ag leibhéal oibriúcháin, maoirseoireachta agus oiliúnaithe san oiliúint do bhainistíocht. Ar chomhthábhacht, tá forbairt an eolais ar thairge, scileanna gnó agus líofacht i dteangacha iasachta. Tá ne heilimintí seo múnlaithe le chéile go cúramach i gColáiste na Sionna chun an cúrsa Dioplóma i mBainistíocht Óstáin Idirnáisiúnta a dhéanamh.

Tá sé d'aidhm ag an gColáiste i bhfad níos mó ná eolas a thabhairt. Tá dlúthphobal ann a spreagann oiliúint ar leibhéal pearsanta, á thacú ag léachtóirí ar cuairt ó phríomhollscoileanna na hÉireann. Toisc go bhfuil sé beag agus go bhfuil coibhneas íseal idir líon na mac léinn agus líon na léachtóirí, tá sé in ann díriú ar fhorbairt phearsanta agus ar fhorbairt bainistíocht agus mothúchán araíonachta agus córas de luachanna feidhmiúcháin a chothú. Áit shona agus chairdiúil is ea an Coláiste inar féidir le foireann agus mic léinn, laistigh de thimpeallacht rialaithe, idirghníomhú chun na leasanna oideachais agus bainistíochta a mhéadú. Thug an Seanad stádas mar Choláiste Aitheanta do Choláiste Ósta na Sionna i Samhain na bliana 2000.

## An Foras Riaracháin

Tháinig an Foras Riaracháin ar an saol mar thoradh ar phlé a rinne grúpa de státseirbhísigh sinsearacha a chonaic go raibh gá le hoideachas gairmiúil do bhaill den earnáil phoiblí in Eirinn agus d'anailís agus measúnú oilte ar cheapadh beartais poiblí na hÉireann. Fostaithe clúiteacha sa tseirbhís phoiblí ab ea bunaitheoirí an Fhorais Riaracháin. Bhí duine díobh siúd a shínigh Airteagail agus Meabhrán Comhlachais an Fhorais Riaracháin, an Dr Garret FitzGerald, atá anois ina Sheansailéir ar OÉ, ina Thaoiseach ina dhiaidh sin. Mar thoradh ar an bplé seo, bunaíódh eagras foirmiúil, An Foras Riaracháin, sa bhliain 1957. Deineadh cuideachta faoi theorainn ráthaíochta de sa bhliain 1963 agus is eagras deonach neamhbhrabúis é.

Is é an Foras Riaracháin an t-aon eagras in Éirinn a chuireann réimse chuimsitheach de sheirbhísí ar fáil i riarachán poiblí – i dtaighde, oideachas, oiliúint agus foilseacháin. Ón tús, ba mhian leis an bhForas Riaracháin deachleachtas a bhaint amach. Thug comhaltaí sinsearacha den fhoireann cuairt ar École Nationale D'Administration i bPáras le staidéar a dhéanamh ar a mhodhanna agus na cúiseanna atá lena thionchar iontach mór ar ardleibhéil na státseirbhíse sa Fhrainc agus ar fud an tsaoil poiblí sa Fhrainc. Chun tionchar dá leithéid a chruthú ar earnáil phoiblí na hÉireann, bunaíodh Scoil Riaracháin Poiblí laistigh den Fhoras Riaracháin, a d'fhás ina Roinn Oideachais ar ball. Tugadh creidiúnú seachtrach do chláracha bunchéime an Fhorais Riaracháin don chéad uair i 1982 agus dá chláracha ag leibhéal iarchéime i 1994.

Deineadh Coláiste Aitheanta d'Ollscoil na hÉireann den bhForas Riaracháin sa bhliain 2001. Cuireann sé réimse de chláracha páirtaimseartha bunchéime agus iarchéime ar fáil, ag díriú ar na disciplíní a bhaineann le tuiscint agus cleachtas na bainistíochta poiblí. Tréith ar leith de sholáthar oideachais an Fhorais Riaracháin is ea inrochtaine a chláracha oideachais ar fad tré chianoideachas. Léiriú is ea é seo go raibh an Foras Riaracháin ina cheannródaí ar Chianoideachas in Éirinn chun freastal ar riachtanais na seirbhíse poiblí atá scaipthe ar fud na réigiún.

## Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn

Bunaíodh Institiúid Bhaile an Mhuilinn sa bhliain 1968 chun staidéar sa Diagacht agus san Fhealsúnacht in Éirinn a chothú. D'fhorbraigh sí a cur chuige ar leith diagachta ag leibhéal na bunchéime, le béim ar dhéine fealsúnachta, cur chuige córasach, agus láimhseáil chuimsitheach ar phríomhdhisciplíní na diagachta. Faoi dheireadh na 1970í, bhí Baile an Mhuilinn ag leathnú amach, idir fhoireann agus mic léinn, chun reiligiúnach neamhchléireach agus tuataí, idir fhir agus mhná. Sa bhliain 1979 ceadaíodh clár Baitsiléara sa Diagacht (BD) Bhaile an Mhuilinn ag an gComhairle Clárúcháin do chúiseanna múinteoireachta.

Sa tréimhse ó 1984 go 1996, fuair cláracha oideachais Bhaile an Mhuilinn aitheantas ó réimse leathan d'údaráis: Comhairle Náisúnta na gCáilíochtaí Oideachais (1989); Comhairle Clárúcháin na hÉireann (1991); an Lár-óifig Iontrála, 1993; an tAire Oideachais (do dheontais mic léinn) (1994); an Roinn

Oideachais (do dheontais Ardoideachais) (1994).

I mí Bealtaine na bliana 1995, cuireadh cúrsaí na hInstitiúide bailíochtaithe ag CNCO san áireamh i dtionscnamh an Aire Oideachais do Saortháillí. An bhliain dar gcionn (1996), cheadaigh an Chomhairle Clárúcháin an BA san Fhealsúnacht agus sa Diagacht do chúiseanna múinteoireachta i meánscoil.

Idir Meán Fómhair 2000 agus 2005, d'fhorbraigh Baile an Mhuilinn a chláracha sa Diagacht agus Spioradáltacht go leibhéal Máistreacht. Don chéad uair riamh, i rith na bliana acadúla 2003-04, bhog Insititúid Misinéireachta Chamaí a campas go Baile an Mhuilinn, ag tairiscint réimse leathan de Dhioplómaí agus Bunchéimeanna, agus cláracha Máistreachta iarchéime, i réimse na Diagachta agus na gCultúr. Sheol Institiúid Bhaile an Mhuilinn clár Dochtúireachta sa Mhinistreacht, i gcomhair le hOllscoil na Breataine Bige ag Lampeter, i Meán Fómhair na bliana 2005. In Aibreán na bliana 2005, tugadh aitheantas d'Institiúid Bhaile an Mhuilinn mar Choláiste Aitheanta d'Ollscoil na hÉireann.

## COLÁISTE DE CHOMH-OLLSCOIL

### Coláiste San Aingeal, Sligeach

Bhunaigh Aontas Ursalach na hÉireann sa bhliain 1952 mar choláiste oiliúna do mhúinteoirí eacnamaíocht bhaile, agus sa bhliain 2003 ainmníodh é mar an t-aon lárionad náisiúnta d'oiliúint mhúinteoirí Eacnamaíocht Bhaile. Faoi láthair cuireann an Coláiste cláracha ar fáil ag leibhéil an Bhaitsiléara, na Máistreachta, Ard-Teastais agus Dioplóma i réimse de chúrsaí ó Oideachas go hAltranas. Freisin cuireann an Coláiste cúrsa *Access* ar fáil dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste shocheacnamaíochta agus comhoibríonn sé i soláthar an chláir BA i Staidéir Eacnamaíochta agus Sóisialta de chuid OÉ, Gaillimh. Cláraítear mic léinn Choláiste San Aingeal mar mhic léinn in OÉ, Gaillimh agus is í an Ollscoil a bhronnann a gcéimeanna agus cáilíochtaí eile.

Tugadh stádas mar Choláiste Aitheanta de chuid OÉ do Choláiste San Aingeal sa bhliain 1978, agus mhair an stádas sin go deireadh na bliana 2005. I gComhaontú stairiúil idir an Coláiste agus OÉ, Gaillimh, le feidhm ón 1 Eanáir 2006, deineadh Coláiste San Aingeal a athbhunú mar Choláiste den Chomh-Ollscoil, OÉ, Gaillimh. Fanfaidh na struchtúir rialaithe atá sa Choláiste mar atá faoin gComhaontú agus bunaíodh comh-bhord chun an forfheidhmiú a stiúradh, lena n-áirítear úsáid chomhalartach d'áiseanna leabharlainne, teicneolaíochta agus eile sa dá fhoras.

# Caibidil II

## ÚDARÁIS NA hOLLSCOILE

## ÚDARÁIS NA hOLLSCOILE

Faoi réir fhorálacha Chairt Ollscoil na hÉireann, leasaithe ag Acht na nOllscoileanna, 1997, is iad Údaráis na hOllscoile ná: an Seansailéir, an Leas-Seansailéir, na Leas-Leas-Seansailéirí, an Seanad agus an Chomhghairm.

### An Seansailéir

Is é an Seansailéir ceann agus príomhoifigeach na hOllscoile. Bíonn an Seansailéir in oifig ar feadh a s(h)aoil nó go dtí go n-éiríonn sé/sí as. Faoi réir Chairt agus Reachtanna OÉ, toghadh an Dr Garret FitzGerald ina Sheansailéir ar an Ollscoil le Gomhghairm i nDeireadh Fómhair na bliana 1997.

### An Leas-Seansailéir

Is é an Leas-Seansailéir príomhfheidhmeannach na hOllscoile. Sa bhliain 1914, chinn an Seanad go dtoghfaí Uachtarán ar ghach ceann de na Comh-Choláistí ina Leas-Seansailéir, in uainíocht.

*Leas-Seansailéir i 2005*

Iognáid Ó Muircheartaigh, MA, PhD, Uachtarán, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

*Leas-Seansailéir i 2006 agus 2007*

| Ahern, Bertie, Taoiseach | LLD | |

**Dé Máirt, 14 Samhain, 2006**

| | | |
|---|---|---|
| O’Brien, Denis | LLD | COBÁC |

**Dé Luain, 4 Nollaig, 2006**

| | | |
|---|---|---|
| Delany, Ronnie | LLD | COBÁC |

**Dé Sathairn, 10 Márta, 2007**
**OÉ Cearnóg Mhuirfean i gColáiste Ríoga na Lianna in Éirinn**

| | | |
|---|---|---|
| Putnam, Hilary | DLitt | |

**Dé Céadaoin, 4 Aibreán, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Mariani, John F. | LLD | CÓS/OÉG |

**Dé hAoine, 8 Meitheamh, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Brennan Glucksman, Loretta | LLD | COC |
| Crosbie, Thomas Edward (Ted) | LLD | COC |
| Ford, Richard | DLitt | COC |
| Kelliher, Bertie | DE | COC |
| Murphy, Ted | LLD | COC |

**Dé hAoine, 15 Meitheamh, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Brendel, Alfred | LLD | COBÁC |
| O'Shea, Milo | DLitt | COBÁC |
| Sen, Amartya | LLD | COBÁC |

**Dé Máirt, 19 Meitheamh, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Munnelly, Tom | DLitt | OÉG |

**Dé hAoine, 22 Meitheamh, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Campbell Sharpe, Noelle | LLD | OÉMN |
| Joyce, Robert J. | LLD | OÉMN |
| McCreevy, Charles J. | LLD | OÉMN |
| Navandra, Kumpati S. | DSc | OÉMN |

**Dé hAoine, 29 Meitheamh, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Carolan, Nicholas | DMus | OÉG |
| FitzGerald, Niall, KBE | LLD | OÉG |
| Langa, Pius | LLD | OÉG |
| Ní Bhraonáin, Eithne (Enya) | DMus | OÉG |
| O'Leary, Jane | DMus | OÉG |
| Walsh, William | LLD | OÉG |

**Dé Luain, 12 Meán Fómhair, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Crooks, Joanna | DMus | OÉMN |
| Douglas, Barry | DMus | OÉMN |

**Déardaoin, 20 Meán Fómhair, 2007**
**OÉ Cearnóg Mhuirfean sa Bhrú Ríoga, Cill Mhaighneann**

| | | |
|---|---|---|
| Harte, Paddy | LLD | |
| Heffernan, Margaret | LLD | |
| Mac Curtain, Margaret | DLitt | |
| Magee, Eugene | LLD | |
| Thornhill, Don | DE | |
| Tinney, Hugh | DMus | |

**Dé hAoine, 9 Samhain, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Fitzgerald, John | LLD | AFR<br>Comóradh 50 bliain) |
| McCarthy, Dermot | LLD | AFR<br>(Comóradh 50 bliain) |
| Murray, Frank | LLD | AFR<br>(Comóradh 50 bliain) |

**Dé hAoine, 23 Samhain, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Desmond, Dermot | LLD | COBÁC |

**Dé Máirt, 27 Samhain, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Byrne, Gabriel | DA | OÉG |

**Dé Luain, 3 Nollaig, 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Rea, Stephen | DLitt | COBÁC |

# Caibidil VIII

## FEISTEAS ACADÚIL

# FEISTEAS ACADÚIL

**Feisteas Acadúil**
D'Ollscoil na hÉireann, os í an t-aon ollscoil fheidearálach in Éirinn, le campais lonnaithe i dtrí chúige, léiriú cumhachtach d'aitheantas na hOllscoile agus stair agus traidisiún a bhforas is ea an feisteas acadúil sainiúil a chaitear ag searmanais bronnta céime ar fud na gComh-Ollscoileanna agus na gColáistí Aitheanta.

In Eanáir na bliana 2000, ghlac an Seanad le Cód leasaithe d'Fheisteas Acadúil, struchtúrtha chun an méadú i réimse agus ilghnéitheacht na gcéimeanna OÉ a chur san áireamh, agus chun soláthar cuí a dhéanamh d'Ard-Teastais, Dioplómaí agus Teastais OÉ.  Faoi réir an Chóid leasaithe, fanann na gúnaí do chéimeanna Baitsiléara, Máistreachta agus Dochtúireachta mar a bhí, agus tá gúna nua tugtha isteach do Dhioplómaí agus Teastais OÉ.

*Dathanna Dáimhe/Choláiste*

| | |
|---|---|
| *Ealaíona* | Bán |
| *Ceol* | Coiréalach |
| *Fealsúnacht* | Marúin |
| *Léann Ceilteach* | Cróch |
| *Eolaíochtaí Daonna, Eolaíocht Shóisialta* | Osbhuí |
| *Eolaíocht* | Gorm Phádraig |
| *Agrabhiaagus an Comhshaol* | Glas Éadrom |
| *Tráchtáil* | Sú Talún |
| *Innealtóireacht* | Terra Cotta |
| *Ailtireacht* | Órga |
| *Eolaíocht & Teicneolaíocht an Bhia* | Oráiste |
| *Dlí* | Prúna |
| *Leigheas agus Eolaíochtaí Sláinte* | Scarlóideach |
| *Fiaclóireacht* | Liath-airgead |
| *Cógaisíocht* | Coracrdhearg |
| *Altranas* | Líológ |
| *Tréidliacht* | Gorm Ceilteach |
| *Idirdhámh/Idirdhisciplíneach* | Dubh |

Do shonraí iomlána ar Fheisteas Acadúil OÉ, féach an leabhrán a foilsíodh sa bhliain 2006: *NUI Academic Dress*.

**Déantóirí Róbaí OÉ**
Is iad na Déantóirí Róbaí ceaptha ag an Seanad ná:
- Phelan Conan Limited, Baile Átha Cliath
- McGinley & Co Ltd, Corcaigh (do Colaiste hOllscoile Corcaigh)

# Caibidil IX

## SCRÚDAITHEOIRÍ SEACHTRACHA OÉ

# SCRÚDAITHEOIRÍ SEACHTRACHA OÉ

Reachtáiltear na Scrúduithe do Chéimeanna i ngach Comh-Ollscoil agus Coláiste Aitheanta ar leith, agus feidhmíonn na Scrúdaitheoirí Seachtracha mar Scrúdaitheoirí, i gcomhpháirt leis na hOllúna agus na Léachtóirí.

Ó bunaíodh Ollscoil na hÉireann sa bhliain 1908, tá scrúdúchán seachtrach ina ghné lárnach de chóras na scrúduithe, agus ceapann an Seanad Scrúdaitheoirí Seachtracha in aghaidh na bliana, faoi réir Reachtanna OÉ.

Rinne Acht na nOllscoileanna, 1997 athstruchtúrú ar an Ollscoil, agus cruthaíodh ceithre Chomh-Ollscoil, cé gur caomhnaíodh nadúr feidearálach OÉ. Tá soláthar in Alt 47 den Acht le leanúnachas de chumhachtaí agus freagrachtaí an tSeanaid maidir le Scrúdaitheoirí Seachtracha a cheapadh:

*47(4)* *'Déanfaidh an Seanad cibé scrúdaitheoirí seachtracha agus cibé líon Scrúdaitheoirí Seachtracha a cheapadh do Chomh-Ollscoil, agus scrúdaitheoirí ceaptha chun críche fho-ailt (2) a mholfaidh an ollscoil sin ó am go ham agus is é an Seanad a chinnfidh feidhmeanna na scrúdaitheoirí seachtracha sin, le comhthoiliú na hollscoile'.* [aistriúchán neamhoifigiúil]

I gcomhthács an Acht na nOllscoileanna 1997, chinn an Seanad sa bhliain 1998 go ndéanfaí athbhreithniú ar na gnéithe uilig den chóras le scrúdúchán seachtrach a dhéanamh in OÉ. Mar thoradh ar an athbhreithniú deineadh athruithe sna socruithe le Scrúdaitheoirí Seachtracha a cheapadh, a cheadaigh ceapachán de Scrúdaitheoirí Seachtracha éagsúla i ngach Comh-Ollscoil, nuair a moladh a leithéid. Tugadh isteach córas níos cuimsithí de thuairisciú don Ollscoil ag Scrúdaitheoirí Seachtracha chomh maith le beartais speisialta chun comparáideacht leanúnach de chéimeanna OÉ a chinntiú. D'athraigh téarma ceapacháin Scrúdaitheoirí Seachtracha ón bhliain fhéilire go bliain acadúil. Tá an polasaí leasaithe ar Scrúdaitheoirí Seachtracha ar fáil i gcáipéis ar Pholasaí Sheanad OÉ, eisithe i Meán Fómhair 1998: *Extern Examiners in the National University of Ireland,* athnuaithe gach bliain.

# Caibidil X

## GRADAIM AGUS BRONNTANAIS OÉ

# GRADAIM agus BRONNTANAIS OÉ

### Réamhrá

Ó bunaíodh í sa bhliain 1908, bhí an t-ádh ar OÉ líon áirithe d'iontaobhais agus bronntanais fhlaithiúla a fháil. Infheistíodh na cistí seo, agus úsáidtear an t-ioncam astu chun réimse cuimsitheach de ghradaim a mhaoiniú. Le himeacht ama, tá feabhas suntasach tagtha ar luach caipitil chistí na hOllscoile. Sa bhliain 1998, le comhairle ó shaineolaíthe, rinne an Seanad athstruchtúrú ar phunann infheistíochtaí OÉ agus é de chuspóir ioncam bliantúil méadaithe a ghineadh i ngach ceann de Chistí OÉ, le húsáid de réir mhianta dheontóirí na hOllscoile. Freisin, tugann OÉ maoiniú do Scoláireachtaí agus Sparánachtaí as a hacmhainní féin. Faoi láthair, tá luach de bhreis agus of **€0.8 milliún** san iomlán in aghaidh na bliana ar ghradaim OÉ. Tá réimse de ghradaim a thairgíonn OÉ ag dul ó Scoláireachtaí agus Duaiseanna sa chéad bhliain fhochéime go Comhaltachtaí Iar-Dhochtúra. Liostaítear na príomhghradaim thíos.

Bíonn Searmanas Bronnta Gradam OÉ ann in aghaidh na bliana, de ghnáth i Meán Fómhair nó Deireadh Fómhair. Is é Seansailéir na hOllscoile, a bhronann na gradaim uilig.

Tá mionsonraí ar na gradaim reatha ar fad ar fáil san fhoilseachán bliantúil Gradaim OÉ, atá ar fáil ó Oifig OÉ, nó le híoslódáil ó www.nui.ie. Is féidir Foirmeacha Iarratais, nuair is gá, a íoslódáil freisin ón suíomh gréasáin.

## COMHALTACHTAÍ

### Comhaltachtaí Iar-Dhochtúra

Nuair atá said á dtairiscint, tá Comhaltachtaí Iar-Dhochtúra ar oscailt d'iomaíocht i measc chéimithe OÉ, sa bhaile nó thar lear.

- Comhaltacht Iar-Dhochtúra OÉ sna Daonnachtaí (€80,000 iníoctha thar dhá bhliain)
- Comhaltacht Iar-Dhochtúra OÉ sna hEolaíochtaí (€80,000 iníoctha thar dhá bhliain)
- An Chomhaltacht Iar-Dhochtúra i Léann na Gaeilge/An Léann Ceilteach (€80,000 iníoctha thar dhá bhliain)

Is é príomhchuspóir na gComhaltachtaí seo ná tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do mhic léinn iar-dhochtúra den scoth a dtaighde scoláireachta a chur chun cinn. Beifear ag súil, i ngach cás, go gcuirfidh an taighde a déantar go mór le heolas ar fiú é a fhoilsiú agus go gcuirfear le cultúr na foghlama sna Comh-Ollscoileanna.

**Comhaltacht Iarchéime**

- Comhaltacht Iarchéime OÉ Edward J Phelan sa Dlí Idirnáisiúnta (€51,000 iníoctha thar dhá bhliain)

Bunaíodh an Chomhaltacht seo mar thoradh ar thiomnacht ó Edward J. Phelan agus a Bhean, nach maireann, agus tairgtear gach ré-bhliain í.

**Tá modhanna iarratais ar leith ann dos na Comhaltachtaí uilig.**

## GRADAIM DON CHÉAD 2008

Chun Cothrom Chéad Bliain Ollscoil na hÉireann a cheiliúradh, chuir OE gradaim speisialta ar fail i 2008, mar a leanas:

- Trí Chomhaltacht iar-dhocht úireachta sa lánn éireannach
- Duais oe don chád i stair na hÉirean
- Duaiseanna oe don chéad i bhfoilsiú acadúil
  – Teangacha, Litríocht and Teangeolaiocht
  – Eolaíochtaí Míochaine agus Sláinte.

## GRADAIM IARCHÉIME

### Scoláireachtaí Taistil OÉ

Tugadh Scéim na Scoláireachtaí Taistil isteach sa bhliain 1910 agus ó shin i leith bronnadh Scoláireachtaí Taistil in aghaidh na bliana in ábhair éagsúla. I ndiaidh athbhreithnithe de chuid an tSeanaid sa bhliain 1998, bronntar ar a laghad naoi Scoláireachtaí Taistil in aghaidh na bliana anois, roinnte i gcoibhneas idir ábhair sna hEalaíona agus Eolaíochtaí Daonna, agus sna hEolaíochtaí ar bhonn unainíochta

Tá luach €42,000 ag gach Scoláireacht, iníoctha ina ghálaí thar trí bliana.

**Tá modhanna iarratais ar leith ann dos na Scoláireachtaí Taistil uilig.**

### Sparánachtaí OÉ

Tugadh Sparánachtaí OÉ isteach sa bhliain 1930, arna mhaoiniú ag an Ollscoil óna hacmhainní féin. On bhliain 2005 amach, tá Scéim na Sparánachta comhtháite le Scéim na Scoláireachtaí Taistil

### Scoláireacht an Dr Mary L Thornton san Oideachas

Scoláireacht bhliantúil san Oideachas is ea í seo, arna mhaoiniú ag tiomnacht ón Dr Mary L Thornton, nach maireann. Ar oscailt do chéimithe OÉ, tá sé i gceist ag an Scoláireacht taighde iarchéime a chothú i réimse an oideachais. Ba mhian le OÉ, tríd an Scoláireacht, taighde a chothú maidir le hardoideachas in Éirinn agus, dá bhrí sin, tabharfar tús áite d'iarratais sa réimse seo. Mar sin féin, glacfar le hiarratais maidir le tionscnaimh i réimse ar bith de thaighde oideachais. Tá luach €5,000 ar an Scoláireacht.

**Tá modhanna iarratais ar leith ann dos na Comhaltachtaí uilig.**

## Duais Thaighde Stairiúil na hÉireann

Tairgíodh an Duais chlúmhar seo gach ré-bhliain ó 1921 i leith. Tá luach €5,000 ar an Duais. Bronntar an Duais don saothar is fearr ar Thaighde Stairiúil na hÉireann, a bhfuil an t-ábhar ann foilsithe don chéad uair ag mac léinn nó céimí d'Ollscoil na hÉireann. Caithfidh gur bunsaothar substaintiúil a bheidh sa saothar, a léiríonn taighde dhíreach ar thaifid staire.

Sa bhliain 2005, bronnadh an Duais ar Christopher R. Maginn, PhD dá *'Civilising' Gaelic Leinster; the Extension of Tudor Rule in the O'Byrne and O'Toole Lordships.* Bronnadh Ardmholadh ar Nollaig Ó Muirithile, MA PhD, dá *Leabar Mór na nGenealach: The Great Book of Irish Genealogies.*

Sa bhliain 2007, bronnadh an Duais ar Professor William J. Smyth, BA PhD (UCC) dá *Map-making, Landscapes and Memory: A Geography of Colonial and Early Modern Ireland c. 1530-1750* 2006, foilsitheoir: Cork University Press, 2006

Tá liosta de bhuaiteoirí uilig Dhuais Thaighde Stairiúil na hÉireann in Aguisín 10.

Beidh an Duais seo á tairiscint arís sa bhliain 2009.

**Tá modhanna iarratais ar leith ann dos na Comhaltachtaí uilig.**

## Scoláireachtaí agus Duaiseanna Denis Phelan

Tá na Scoláireachtái agus na Duaiseanna seo á mhaoiniú ag Déantóirí Róbaí OÉ, Phelan Conan Associates, agus bronnadh iad don chéad uair sa bhliain 2003.

Tá bronnadh na Scoláireachtaí agus Duaiseanna seo uilig bunaithe ar chomórtas ina bhfuil na mic léinn is fearr a fhaigheann, in ord fiúntais, na marcanna is airde sa scrúdú bunchéime cuí i réimsí áirithe ábhair mar a chinntear gach bliain. Tá oll-luach €14,000 ar na scoláireachtaí agus duais seo.

Ábhair 2004:

- Tíreolaíocht
- Dlí
- Eolaíochtaí Beatha

Ábhair 2005:

- Ceimic
- Geolaíocht
- Domhaneolaíochtaí
- Eolaíocht an Chomhshaoil
- Fisic

Ábhair 2006

- Eolaíochtaí na Beatha agus an Chomhshaoil
- Bainistíocht
- Eolaíochtaí Fhisiciúla
- Síceolaíocht

Ábhair 2007

- Eolaíochtaí na Beatha agus an Chomhshaoil
- Eolaíochtaí Fhisiciúla
- Tráchtáil
- Béarla

**Níl aon mhodhanna iarratais nó riachtanais iontrála ar leith ann.**

## Duais Ealaíona agus Deartha OÉ ag CNED (€2,500)

Cuirtear an Duais seo ar fáil in aghaidh an bliana do shaothar chéimí de chuid CNED a bhain ardchaighdeán amach sa Mhínealaín. Duais ceannaithe atá ann agus glacann OÉ seilbh ar an saothar.

Beidh mic léinn sa bhliain deiridh BA agus MA i CNED incháilithe sa ghnáthchúrsa do mheasúnú don Duais.

**Níl aon mhodhanna iarratais nó riachtanais iontrála ar leith ann.**

## Scoláireachtaí agus Duaiseanna Chiste Theach an Ardmhéara

(i) Scoláireacht agus Duais Chiste Theach an Ardmhéara sa Ghaeilge (€2000 agus €1,300)

(ii) Scoláireacht agus Duais Chiste Theach an Ardmhéara i Stair na hÉireann (€2000 agus €1,300)

Tá Ciste Theach an Ardmhéara ann le ‘staidéar ar Theanga, Litríocht agus Stair na hÉireann’ a chothú. Bhí soláthar i scéim na Scoláireachta, a d’oibrigh faoi Chiste Theach an Ardmhéara le blianta fada, do Scoláireacht agus Duais, sa Ghaeilge. Agus athbhreithniú déanta ar an scéim méadaíodh ar luach na Scoláireachta agus na Duaise araon ó 1999 i leith agus freisin, tugadh isteach Scoláireacht agus Duais i Stair na hÉireann.

**Níl aon mhodhanna iarratais nó riachtanais iontrála ar leith ann.**

## Scoláireachtaí Pierce Malone

Bunaíodh na scoláireachtaí seo, atá ann le fada agus a bhronntar in aghaidh na bliana, le tiomnacht £1,425 ó Pierce Malone. Tar éis don Seanad athbhreithniú a dhéanamh sa bhliain 2002, cinneadh ar luach na scoláireachtaí a mhéadú ó chistí OÉ.

### Innealtóireacht (€2,000)

Bronnfar an Scoláireacht i gcomhar le Scoláireachtaí Taistil OÉ sna hEolaíochtaí. Bronnfar an Scoláireacht ar chéimí san Innealtóireacht agus ar mholadh an Phainéil Agallaimh dos na Scoláireachtaí Taistil seo.

**Fealsúnacht (€2,000)**

Beidh bronnadh na Scoláireachta bunaithe ar chorpas an tsaothair scríofa a chuirtear i láthair ag an mac léinn is fearr (mar a chineann Ceann na Roinne/Scoile Fealsúnachta agus an Scrúdaitheoir Seachtrach), don scrúdu céime BA i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna OÉ. Beidh mic léinn céime san Fhealsúnacht i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna incháilithe sa ghnáthchúrsa do mheasúnú don Scoláireacht seo. Cinnfidh an Scrúdaitheoir Seachtrach speisialta ar bhronnadh na Scoláireachta agusaighneachtaí Chomh-Ollscoileanna OÉ uilig measta.

**Níl aon mhodhanna iarratais nó riachtanais iontrála ar leith ann.**

## Boinn agus Duaiseanna OÉ Rialtas na Fraince do Chumas sa Fhraincis

Sa bhliain 1926, bhronn Rialtas na Fraince Bonn ar an Ollscoil le bronnadh sa bhliain sin do chumas sa Fhraincis, le bronnadh maidir leis an Scrúdú do Chéim BA (Onóracha), ar mholadh ón Scrúdaitheoir Seachtrach. Cuireadh an Bonn ar fáil in aghaidh na bliana go dtí 1956, nuair a chuir Rialtas na Fraince trí Bhonn ar fáil do chomórtas i measc na mac léinn sna Comh-Choláistí a bhí ann ag an am sin. Sa bhliain 1962, cuireadh ceathrú Bonn ar fáil, le bronnadh sa Choláiste Aitheanta, Coláiste Phádraig, Má Nuad. Anois bronntar na Boinn in aghaidh na bliana i ngach ceann de Chomh-Ollscoileanna OÉ. Leanann na gradaim de bheith bunaithe ar thorthaí na scrúduithe Céime Onóracha BA agus freisin, nuair a bhaineann, na Scrúduithe BCL Idirnáisiúnta agus BComm Idirnáisiúnta/Eorpach sna Comh-Ollscoileanna. Cinnfidh Scrúdaitheoir Seachtrach aontaithe buaiteoirí na mBonn. Ní féidir na Boinn a bhronnadh ar mhic léinn a bhfuil an Fhraincis mar theanga dúchais acu.

Freisin, bronann OÉ duais airgid de €1,000 ar ghach ceann de na buaiteoirí.

**Níl aon mhodhanna iarratais nó riachtanais iontrála ar leith ann.**

## GRADAIM FHOCHÉIME

Is é seo a leanas réimse na ngradam atá ar fáil d'fhochéimithe:

**Scoláireachtaí agus Duaiseanna Dr Henry Hutchinson Stewart**

Rugadh an Dr Henry Hutchinson Stewart, mac le ministir, i gCill Mhantáin i 1799. Sa bhliain 1829 bhain sé Ceadúnas Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn amach, agus MD Dhún Éideann. Go luath ina shlí beatha leighis rinne sé speisialú i gcóiríocht do mheabharghalar agus bhunaigh sé teach na ngealt i Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath. Ní raibh sé seo feiliúnach do líon na ndaoine a bhí ag iarraidh dul isteach agus, sa bhliain 1873, bhog sé go teach eile i mBaile Phámair áit ar bhunaigh sé an Stewart Institution. Tá Ospidéal Stewart's anois ann go mór mór mar thoradh ar mhaoiniú a chuir an Dr Henry Hutchinson Stewart ar fáil ar dtús.

Sa bhliain 1888 fuair Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Ríoga na hÉireann tiomnacht ó eastát an Dr Henry Hutchinson Stewart, chun Scoláireachtaí Leighis agus Litríochta a bhunú. Nuair a cuireadh an Ollscoil Ríoga ar ceal, roinneadh a sciar den Iontaobhas go cothrom idir Ollscoil na Ríona, Béal Feirste agus Ollscoil na hÉireann.

Tá an tIontaobhas á riaradh ag triúr Iontaobhach (mar ionadaithe ar na faighteoirí faoi seach), duine amháin ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, duine amháin ó Ollscoil na Ríona, Béal Feirste agus duine amháin ó Ollscoil na hÉireann. Faoi réir choinníollacha an iontaobhais tá soláthar ann freisin go gcuirtear dhá thrian den ioncam chun scoláireachtaí leighis a sholáthar agus trian amháin chun scoláireachtaí litríochta a sholáthar. Dáiltear ioncam an Iontaobhais ar an hOllscoileanna sna coibhnis seo a leanas

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, leath;
Ollscoil na Ríona, Béal Feirste agus Ollscoil na hÉireann, ceathrú an ceann.

Go dtí 1998, bhí ceithre Scoláireacht Leighis agus dhá Scoláireacht Litríochta ann. Deineadh athstruchtúrú ar an Scéim sa bhliain sin agus méadaíodh ar líon na Scoláireachtaí. Anois tá seacht Scoláireacht Litríochta ann agus seacht Scoláireacht déag Leighis ann. Mhéadaigh luach na Scoláireachtaí freisin, agus tá soláthar déanta do dhara duais, agus sa chuid is mó de chásanna, tríú duais sna hábhair Scoláireachta.

*Scoláireachtaí agus Duaiseanna Litríochta Dr Henry Hutchinson Stewart*

Bronntar scoláireacht de €2,300, agus dara agus tríú duais de €1,200 agus €560, faoi seach, i ngach ceann de na hábhair seo a leanas:

- Béarla
- Fraincis
- Gearmáinis

- Gaeilge
- Iodáilis
- Laidin
- Spáinnis.

Tá na gradaim seo bunaithe ar thorthaí i Scrúduithe na Céad Bliana sna hEalaíona agus, (nuair is ionainn cúrsa agus scrúduithe leis an gCéad Bhliain Ealaíona), Scrúduithe na Céad Bliana sa Tráchtáil Idirnáisíunta sna hábhair sin sna Comh-Ollscoileanna. Cinnfidh Scrúdaitheoir Seachtrach aontaithe do ghach ábhar, a dhéanfaidh machnamh ar ábhar scrúdaithe roghnaithe na mac léinn a fhaigheann na marcanna is airde sna hábhair sin i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna, buaiteoirí na Scoláireachtaí agus na nDuaiseanna. Tá mic léinn sa Chéad Bhliain Ealaíona agus sa Chéad Bhliain sa Tráchtáil Idirnáisíunta incháilithe sa gnáthchúrsa do mheasúnú dos na Scoláireachtaí agus Duaiseanna seo.

*Scoláireachtaí agus Duaiseanna Leighis Dr Henry Hutchinson Stewart*
Bronntar scoláireacht de €2,300, agus dara agus tríú duais de €1,200 agus €560, faoi seach, i ngach ceann de na hábhair seo a leanas ach amháin Fiaclóireacht, Íomháú Diagnóiseach agus Fisiteiripe nach bhfuil tríú duais ann dóibh:

- Anatamaíocht
- Bithcheimic
- Fiaclóireacht
- Íomháú Diagnóiseach
- Cleachtadh Ginearálta
- Gínéiceolaíocht & Cnáimhseachas
- Leigheas Micribhitheolaíochta
- Leigheas
- Altranas
- Péidiatraic
- Paiteolaíocht
- Cogaseolaíocht
- Fiseolaíocht
- Fisiteiripe
- Síciatracht
- Sláinte Phoiblí
- Máinliacht

Tá na gradaim seo bunaithe ar thorthaí na Scrúduithe sna hábhair cuí i nDámhanna Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte na gComh-Ollscoileanna agus Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus freisin, i gcás Altranais, sa Roinn Altranais, Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach. San Altranas, bronnfar an Scoláireacht ar thorthaí na scrúduithe céime san Altranas; bronnfar an Chéad agus an Dara Duais ar thorthaí an Dioplóma san Altranas. Cinneann Scrúdaitheoir Seachtrach aontaithe, a dhéanfaidh machnamh ar ábhar scrúdaithe roghnaithe na mac léinn hábhair sin i ngach ceann de na Comh-

Ollscoileanna agus Coláistí Aitheanta a bhaineann, buaiteoirí na Scoláireachta i ngach ábhar. Beidh mic léinn i nDámhanna Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte agus Altranas agus na Scoileann/Ranna Altranais i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna, CRMÉ agus Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach, incháilithe sa gnáthchúrsa do mheasúnú dos na Scoláireachtaí seo.

### Scoláireacht Chumann OÉ Londain (€2,000)

Ar an 14 Feabhra 1929 bunaíodh cumann proinne do chéimithe Ollscoil na hÉireann (agus Ollscoil Ríoga na hÉireann san áireamh) go foirmiúil ag dinnéar i mBialann Frascati's i Londain agus, dhá bhliain ina dhiaidh sin bhig an cumann isteach i seomraí gan troscán ag 91 Ascall Shaftsbury. I Samhain na bliana 1931 thug Seanad OÉ deontas de £150 chun cuidiú le troscán tosaigh sa Chumann, a bhog go 13A Lower Grosvenor Place i 1935. BHí sé de chuspóir ag an gcumann ionad a chur ar fáil i Londain do chéimithe Éireannacha – '*a home from home for young graduates, where they could meet people of their own kind with an Irish outlook*'. Mhair an t-ionad tábhachtach seo de chuid Ollscoil na hÉireann le linn an chogaidh agus ina dhiaidh. Sa bhliain 1949 thosaigh an tOllamh H St John Atkins, Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, an scéim, arna mhaoiniú ag Seanad OÉ agus ar uainíocht le blianat fada, inar shocraigh gach ceann de Chomh-Ollscoileanna OÉ léachtaí dhá uair sa bhliain le tabhairt ag comhaltaí dá fhoireann acadúil do chomhaltaí Chumann OÉ, Londain. Ó na 1930í go dtí an dara cuid den fichiú céad bhí rath ar an gCumann mar fhócas sóisialta agus cultúrtha do chéimithe OÉ i Londain.

Ag cruinniú den Chumann OÉ, Londain i Samhain na bliana 2003 – ag aithint go raibh titim rialta i mballraíocht an Chumainn le cúig bliana déag anuas - ghlac na comhaltaí le moladh ó Uachtrán an Chumainn, Michael McCormack, Uas., go ndéanfaí an Cumann a dhúnadh agus a shócmhainní a thairiscint mar bhronntanas d'Ollscoil na hÉireann chun Scoláireacht Chuimhneacháin Chumann OÉ Londain a bhunú.

Ag cruinniú in Eanáir na bliana 2004 chuir Seanad OÉ fáilte roimh an mbronntanas flaithiúil ó Chumann OÉ Londain agus ghlac le moladh Chláraitheoir OÉ go mbainfí úsáid as an tiomnacht chun Ciste a bhunú ('Ciste Chumann OÉ Londain') chun ioncam bliantúil a thabhairt do scoláireacht chuimheacháin, ar a dtabharfaí 'Scoláireacht Chumann OÉ Londain', faoi réir rialachán agus modhanna le cinneadh ag an Seanad, ó am go ham. Cuirfear an Scoláireacht nua seo, le tabhairt isteach don chéád uair i 2004-05, ar fáil do chomórtas i measc na mac léinn cláraithe i nDámh na Fiaclóireachta sa bhliain tosaigh agus, ina dhaiaidh sin, i nDámhanna eile mar a chinnfidh an Seanad .

### Gradaim Thiomnacht O'Brien

Rugadh an Dr Daniel P. O'Brien sa bhliain 1872 i gCréicín, An Tulach, Co Ceatharlach, agus, mar mhac léinn i gCliarscoil Naomh Pádraig, An Tulach, ghnóthaigh sé an máithreánach in Ollscoil Ríoga na hÉireann sa bhliain in

1890. Agus a chuid staidéir leighis críochnaithe aige i Scoil Leighis na hOllscoile Caitlicigh, Sráid Cecilia, Baile Átha Cliath, bhain sé na cáilíochtaí LRCP & SI amach i 1895 agus Comhaltacht Choláiste Ríoga na Máinlianna sa bhliain 1897. Bhí sé ar fhoieann Ospidéal Naomh Uinsinn, Baile Átha Cliath ar feadh tréimhse. Nios déanaí, sa bhliain 1911, fuair sé pas i scrúduithe Chéimeanna MB BCh BAO Ollscoil na hÉireann.

Bhí sé i gcleachtadh gníomhach i Rockhampton san Astráil do bheagnach daichead bliain.

Ar a bhás i 1947 d'fhág an Dr. O'Brien tiomnacht de £3,320 d'Ollscoil na hÉireann.

*Gradaim OÉ maoinithe ag Scéim Thiomnacht O'Brien*

*(i)* *Scéim Ghradaim OÉ do Mhic Léinn faoi Mhíchumas*

Faoin Scéim seo, atá i bhfeidhm ó 1981 i leith, cuitear gradaim le luach iomlán de €11,000 ar fáil do mhic léinn fochéime nuathagtha a atá faoi mhíchumais thromchúiseacha agus a bhfuil sé ar intinn acu cúrsaí bunchéime a leanúint in Ollscoil na hÉireann

*(ii)* *Scéim Comhdheiseanna Oideachais*

Tá líon áirithe de thionscnaimh curtha ar bun i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna chun comhionannas sóisialta níos fearr a chothú in ardoideachas na hÉireann. Chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil dos na tionscnaimh seo, tá sé beartaithe ag an Seanad Scéim Comhdheiseanna Oideachais OÉ a thabhairt isteach, le luach €12,000. Tá €2,500 ar fáil i ngach bliain acadúil, i ngach Comh-Ollscoil, agus €2,000 í measc na Coláistí Aitheanta, chun cuidiú le mac léinn/mic léinn i ngátar eacnamaíochta, ar mholadh na gComh-Ollscoileanna.

## Scoláireachtaí Miss Julia M. Levins

Faoi réir théarmaí na tiomnachta bronntar dhá Scoláireacht in aghaidh na bliana ar mholadh an Uachtaráin i ngach ceann de na Comh-Ollscoileanna seo a leanas ar uainíocht:

2004 - Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
2005 - Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
2006 - An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
2007 - Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Is féidir na Scoláireachtaí, a bhfuil luach €253 orthu, a bhronnadh mar seo a leanas:

- ceann amháin d'aon duine atá, i dtuairim an Uachtaráin, incháilithe son ghradam laistigh de chaighdeáin fhorordaithe agus atá i ngátar airgeadais;
- an ceann eile do dhuine le cáilíochtaí den chineál céanna agus ar mhian leis leanúint dá staidéar roimh dhul le Sagartóireacht.

Ba chóir iarratais ar na Scoláireachtaí a dhéanamh le hUachtarán na hOllscoile ina bhfuil na Scoláireachtaí ar fáil.

### Scéim Chiste Thomas Crawford Hayes

Rugadh Thomas Crawford Hayes, mac le Frederick W. Hayes, úinéir mhuillinn, i Seapatrick, Banbridge, Co. an Dúin ar an 18 Deireadh Fómhair, 1843. Chuaigh sé isteach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i mí na Samhna 1861, mar mhac léinn sna hEalaíona. Ansin bhain sé Modhnóireacht Shinsearach agus Bonn Óir amach. Ina dhiaidh sin chuaigh sé go Londain, áit ar bhain sé cáilíocht sa Leigheas amach sa bhliain 1870, agus Ceadúnas Chumann na bPoiticéirí, Londain. Sa bhliain 1873 bhain sé Céimeanna MB, BCh Ollscoil Bhaile Átha Cliath, agus Céim MD dhá bhliain ina dhiaidh sin, agus sa bhliain 1889 deineadh Comhalta de Choláiste Ríoga na Lianna i Londain de. Chónaigh sé i Londain go dtí gur bhásaigh sé ar an 5 Aibreán, 1909. Sa bhliain 1922 bhronn Miss Isabelle Hayes £27,600 d'Ollscoil na hÉireann i gcuimhne ar a dearthái r.

Faoin scéim seo, faigheann gach ceann de cheithre Comh-Ollscoileanna OÉ deontas in aghaidh na bliana ó Chiste Thomas Crawford Hayes. Tá sé seo le caitheamh sa réimse leathan de na hEolaíochtaí Bitheolaíochta, mar a chinneanna na hIontaobhaigh ó am go ham.

### Cistí Adam Boyd Simpson agus Eleanor Boyd

(i) Bhronn an Dr Adam Boyd Simpson ó Birmingham, a raibh an-suim aige sa Teanga Náisiúnta, aon trian dá Eastát Iarmharach ar an Ollscoil ar an gcoinníoll go raibh Gaeilge mar ábhar riachtanach do Scrúdú Máithreánach na hOllscoile. Fuair an Ollscoil luach na Tiomnachta (£1,677) sa bhliain 1913.

(ii) Bhronn Mrs Eleanor Boyd stocanna agus scaranna éagsúla ar Ollscoil na hÉireann sa bhliain 1972. In Eanáir na bliana 1973 bhí luach £4,893 orthu seo.

Go dtí 1998, caitheadh ioncam na dTiomnachtaí ar fhoilsiú Irise ar Thaighde Éireannach ó am go ham. Ba é *Lia Fáil* an chéad iris, agus tháinig *Éigse: A Journal of Irish Studies* ina dhiaidh sin. Anois baintear úsáid as Scéim Foilseacháin OÉ le foilsiú *Éigse* a mhaoiniú.

Sa bhliain 1998, bhunaigh an Seanad Comhaltacht Iar-Dochtúra OÉ i Léann na Gaeilge/An Léann Ceilteach, de luach €80,000 faoi Chiste Adam Boyd Simpson agus Eleanor Boyd.

# Caibidil XI

## FOILSEACHÁIN OÉ

# FOILSEACHÁIN OÉ

## Scéim Foilseacháin OÉ

Tá sé de chuspóir ag Scéim Foilseacháin OÉ cothú agus spreagadh a thabhairt d'fhoilseacháin agus taighde scolártha ag foireann acadúil i gComh-Ollscoileanna agus Coláistí Aitheanta Ollscoil na hÉireann:

(i) Deontais d'Fhoilseacháin Scolártha

Tá sé de thraidisiún ag an Ollscoil líon beag de chúnamh deontais a thabhairt in aghaidh na bliana d'fhoilseacháín scolártha ag foireann Chomh-Ollscoileanna OÉ, ar bhunús iarrtas aonair don Seanad. Tá an scéim faoinar deineadh na deontias seo leathnaithe agus méadaíodh leibhéal an mhaoinithe.

Faoin scéim, cuirtear thart ar €40,000 ar fáil in aghaidh na bliana do dheontais aonair suas go €3,000.

(ii) *Éigse: A Journal of Irish Studies*

Ó bunaíodh OÉ, tá sí tiomanta ach go háirithe le taighde scolártha i léann na hÉireann a chur chun cinn. Bhí Irish tosaigh *Lia Fáil* faoi eagarthóireacht an Dr Dubhghlas de hÍde. Tháinig *Éigse: A Journal of Irish Studies* i gcomharbacht air, foilsithe ag an Ollscoil ó 1938 i leith le cúnamh Thiomnacht Adam Boyd Simpson. Baintear úsáid anois as Scéim Foilseacháin OÉ le foilsiú *Éigse* a mhaoiniú.

Is é an tOllamh P.A. Breatnach, Ollamh le Gaeilge Chlaisiceach ag COBÁC - OÉ, Baile Átha Cliath an t-eagarthóir ar *Éigse* faoi láthair. Tá cóipeanna d'*Éigse* ar fáil ó Oifig OÉ.
www.nui.ie/eigse.

(iii) Léachtaí O'Donnell

Rinne Charles James O'Donnell, a rugadh i dTír Chonaill agus a fuair a chuid oideachais i nGaillimh, soláthar ina uacht (1935) do thiomnacht do ghach ceann d'Ollscoileanna Oxford, na Breataine Bige, Dhún Éideann, Ollscoil na hÉireann agus Choláiste na Tríonóide, chun léacht bhliantúil a bhunú i ngach ceann de na hinstitiúidí, agus go mbeadh tagairt ar leith ann i léachtaí OÉ do stair, ó 1641, na sean-teaghlach Éireannach. Tar éis bearna de bhreis agus deich mbliana, deineadh Léachtaí O'Donnell a athnuachan sa bhliain 1999 nuair a chinn an Seanad go dtabharfaí léacht bhliantúil, in uainíocht, i ngach ceann de Chomh-Ollscoileanna OÉ, agus go gcuirfí maoiniú ar fáil ó Scéim na bhFoilseachán chun na Léachtaí a fhoilsiú.

Chuir an Dr. Thomas O'Connor, Roinn na Staire ag OÉ, Má Nuad and 32ú Léacht O'Donnell sa tsraith – *'An Irish Jansenist in seventeenth-century France: John O'Callaghan (1605-54)'*, i láthair ar 3 Feabhra 2005, in Áras John Hume, OÉ, Má Nuad.

Is féidir cóipeanna de léachtaí O'Donnell foilsithe ag OÉ a fháil ón gCláraitheoir, Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Tá liosta de na léachtaí foilsithe sa tsraith ar fáil i Aguisín 11.

## Foilseacháin OÉ

*Féilire OÉ*

Foilsithe do ghach bliain. Clúdaíonn eagráin áirithe níos mó ná bliain amháin.

*Gradaim OÉ*

Foilsithe in aghaidh na bliana

*Riachtanais Íosta Iontrála Acadúla agus Clárúcháin (Máithreánach)*

Foilsithe in aghaidh na bliana

## Foilseacháin le cothrom chéad bliain Ollscoil na hÉireann a chomóradh

*The National University of Ireland 1908-2008*

*Centenary Essays* (UCD Press, 2008)

*A Century of Scholarship*

*Travelling Students of the National University of Ireland*
(NUI, 2008)